RIALACHÁN (AE) 2021/1052 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Meitheamh 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe a chur ar fionraí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh de tháirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe a áirithiú, ar táirgí iad nach dtáirgtear san Aontas agus, trína bhíthin sin, aon suaitheadh sa mhargadh i gcás na dtáirgí sin a sheachaint, cuireadh ar fionraí, i gcás na dtáirgí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle ([1]), na dleachtanna Comhtharaife Custaim den chineál dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('dleachtanna CTC'). Is féidir na táirgí sin a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.

(2) I gcás táirgí áirithe nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013, ní tháirgtear méid leordhóthanach díobh nó ní tháirgtear in aon chor iad san Aontas. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é fionraíocht iomlán na ndleachtanna CTC ar na táirgí sin a dheonú.

(3) Chun táirgeadh comhtháite ceallraí san Aontas a chur chun cinn i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2018 dar teideal "An Eoraip ag Gluaiseacht – Soghluaisteacht Inbhuanaithe don Eoraip: slán, nasctha agus glan", ba cheart fionraíocht pháirteach a dheonú maidir leis na dleachtanna CTC i leith táirgí áirithe nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013. Is é 31 Nollaig 2021 an dáta ba cheart a shocrú le haghaidh an athbhreithnithe shainordaithigh ar na fionraíochtaí sin, chun go mbeifear in ann an t-athbhreithniú sin a dhéanamh ar chaoi a chuirfidh san áireamh éabhlóid na hearnála ceallraí san Aontas.

(4) Chun forbairtí teicniúla na dtáirgí agus treochtaí eacnamaíocha sa mhargadh a chur san áireamh, is gá tuairisc an táirge agus aicmiú an táirge a leasú i gcás fionraíochtaí dleachta CTC áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013.

(5) Ní chun leas an Aontais a thuilleadh é fionraíocht na ndleachtanna CTC a choinneáil ar bun i gcás táirgí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013. Dá bhrí sin, ba cheart fionraíochtaí na dtáirgí sin a scriosadh. Thairis sin, ba cheart fionraíochtaí dleachta CTC i gcás táirgí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn sin a scriosadh sin de thoradh chur chun feidhme an chomhaontaithe i bhfoirm an *Declaration on the Expansion of Trade in Information Technology Products* (Dearbhú maidir leis an Méadú ar an Trádáil i dTáirgí Teicneolaíochta Faisnéise ([3])), lenar laghdaíodh an ráta dleachta go nialas le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 a leasú dá réir.

(7) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na taraif-fhionraíochta uathrialaithí agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le taraif-fhionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo maidir le taraif-fhionraíochtaí i leith na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2021. Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm ar bhonn práinne,

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe a chur ar fionraí agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1344/2011 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 201).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([3]) IO L 161, 18.6.2016, lch. 4.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 18 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. LEÃO

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 mar a leanas:

(1) scriostar na hiontrálacha a bhfuil na sraithuimhreacha seo a leanas acu: 0.2938, 0.3108, 0.3139, 0.3141, 0.4179, 0.4197, 0.4734, 0.4735, 0.4883, 0.5312 agus 0.5470;

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach in ionad na hiontrálacha a bhfuil na sraithuimhreacha céanna acu:

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
‘0.3341	ex 1515 90 99	92	Ola phlandúil, scagtha nó leathscagtha, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 35 % nó níos mó ach nach mó ná 57 % d’aigéad aracadónach nó cion 35 % nó níos mó ach nach mó ná 50 % d’aigéad docaisiheicséanóch	0 %	-	31.12.2023
0.7674	ex 2905 32 00	20	(2S)-Própán-1,2-dé-ól (CAS RN 4254-15-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2023
0.6003	ex 2915 90 70	27	Ortaformáit trí-eitile (CAS RN 122-51-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2023
0.3468	ex 2916 13 00	40	Démheitiolaicrioláit since (CAS RN 13189-00-9) i bhfoirm púdair ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó, de réir meáchain, agus nach mó ná 1 % an cion cobhsaitheora inti	0 %	-	31.12.2023
0.2941	ex 2920 19 00	40	Tolclófos-meitil (ISO) (CAS RN 57018-04-9) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2023
0.4298	ex 2930 20 00	40	Prósulfacarb (ISO) (CAS RN 52888-80-9) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2022
0.5920	ex 2933 29 90	28	Próclóras (ISO) (CAS RN 67747-09-5) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2023
0.6987	ex 2933 59 95	52	6-Beinsioladainín (CAS RN 1214-39-7) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2021
0.7815	ex 2934 99 90	82	Rel-(3a*R*,12b*R*)-11-Clóra-2,3,3a,12b-teitrihidrea-2-meitil-1H-débheans[2,3:6,7]ocsaipíni [4,5-*c*]pioról-1-ón (CAS RN 129385-59-7) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2024
0.7975	ex 3801 10 00	30	Graifít shaorga i bhfoirm púdair, (CAS RN 7782-42-5): — bíodh bratú ar an dromchla nó ná bíodh, — arb é méid na gcáithníní inti méid a léirítear le luach d50 is ionann agus 15 μm (± 4), — ag a bhfuil sainachar dromchla (arna thomhas de réir BET) is lú ná 3,5 m^2/g, — ag a bhfuil dlús tapáilte: 1,3 g/m^3 (± 0,5),	1.8 %	-	31.12.2021

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— ag a bhfuil saintoilleadh díluchtaithe 348 mAh/g (±13), — éifeachtúlacht tosaigh is mó ná 93,0 %			
0.4459	ex 3919 90 80	83	Leatháin fhrithchaiteacha agus leatháin réscaiptheacha, ina rollaí, — le haghaidh cosaint ar radaíocht teasa ultraivialaite nó infridheirg, a ghreamaítear d'fhuinneoga nó — le haghaidh tras-seoladh agus dáileadh solais atá cothrom, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i modúil LCD	0 %	-	31.12.2022
0.5139	ex 3920 10 89	55	Scannán d'aicéatáit vinile eitiléine (EVA): — ar a bhfuil dromchla faoi rilíf ard agus faoi thonnaíl chabhartha, — nach bhfuil lannaithe, — nach bhfuil aon trasnascadh ann, agus — nach mó ná 0,3 mm a thiús	0 %	-	31.12.2021
0.5167	ex 3920 20 29	94	Scannán comh-easbhrúite, atá treoshuite go haon-aiseach: — ina bhfuil idir 3 agus 5 chiseal, — agus gach ciseal díobh déanta as polapróipiléin agus/nó poileitiléin, den chuid is mó, — agus gan cion is mó ná 10 %, de réir meáchain, de pholaiméirí eile in aon chiseal díobh, — bíodh dé-ocsaíd tíotáiniam sa chiseal lárnach ann nó ná bíodh, — nach bhfuil níos mó ná 75 µm ar tiús, san iomlán	0 %	-	31.12.2022
0.2546	ex 6903 90 90	40	Feadáin imoibreora cairbíde sileacain agus gabhdáin imoibreora cairbíde sileacain ag a bhfuil uasteocht seirbhíse 1370 °C nó níos mó	0 %	-	31.12.2023
0.8028	ex 6909 19 00	40	Cartúis ionsúcháin carbóncheirmeacha nó cartúis asúcháin carbóncheirmeacha le haghaidh córais mótarfheithiclí breosla, ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas: — déanmhas sorcóireach ilcheallach orthu, faoi cheangal ceirmigh bhácáilte easbhrúite, — cion 5 % nó níos mó ach nach mó ná 70 % de charbón gníomhachtaithe iontu, de réir meáchain, — cion 30 % nó níos mó ach nach mó ná 90 % de cheanglóir ceirmeach iontu, de réir meáchain, — iad 29 mm nó níos mó, ach gan iad níos mó ná 41 mm, ar trastomhas, — gan iad níos mó ná 150 mm ar fad, — iad bácáilte ag teocht 800 °C nó níos mó	0 %	p/st	31.12.2025
0.6680	ex 7326 90 98 ex 7907 00 00	40 10	Meáchain iarrainn, cruach agus/nó cóimhiotail since: — ina bhfuil meáchan nach mó ná 500 gram agus nach mó ná 107 mm x 107 mm x 11 mm a thoise, — bíodh codanna d'ábhar eile iontu nó ná bíodh, — bíodh codanna de mhiotail eile iontu nó ná bíodh, — bídís dromchla-chóireáilte nó ná bídís,	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— bídís ina gcinn phriontáilte nó ná bídís, de chineál a úsáidtear chun cianrialtáin a tháirgeadh			
0.4050	ex 7607 11 90 ex 7607 11 90	65 67	Scragall mín alúmanaim ag a bhfuil na paraiméadair seo a leanas: — ina bhfuil cion 99,98 % nó níos mó d'alúmanam, — atá 0,070 mm nó níos mó, ach nach mó ná 0,125 mm, ar tiús — ag a bhfuil uigeacht chiúbach, de chineál a úsáidtear le haghaidh éitseáil ardvoltais	3.7 %	-	31.12.2021
0.7966	ex 8104 19 00	10	Maignéisiam neamhshaoirsithe ina bhfuil cion 90 % nó níos mó ach nach mó ná 99,7 % de mhaignéisiam, de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.5097	ex 8104 30 00	35	Púdar maignéisiam: — ag a bhfuil íonacht is mó ná 99,5 % de réir meáchain, agus — nach mó ná 0,8 mm méid na gcáithníní ann	0 %	-	31.12.2025
0.4133	ex 8418 99 10 ex 8418 99 10	71 79	Gallaitheoir déanta as alúmanaim a bhfuiltear lena úsáid chun meaisíní aerchóirithe le haghaidh gluaisteán a mhonarú ([1])	0 %	p/st	31.12.2021
0.6858	ex 8501 10 99	64	Mótar SD chun suíomh uilleach an fhlapa a rialú chun sreabhadh gáis a choigeartú sa scóig aeir agus sa chomhla AGS (athshruthú an gháis sceite): — ag a bhfuil cosaint iontrála (IP) de réir chaighdeán IP69, — ag a bhfuil luas rótair nach mó ná 6 500 isn nuair nach bhfuil sé luchtaithe, — ag a bhfuil voltas rátaithe 12,0 V (± 0,1), — ag a bhfuil raon teochta sonraithe - 40 °C nó níos mó, ach nach mó ná + 165 °C, — bíodh pinniún cónaisc ann nó ná bíodh, — bíodh nascóir innill ann nó ná bíodh, — bíodh feire ann nó ná bíodh, — nach bhfuil níos mó ná 40 mm ar trastomhas (gan an feire a áireamh), — nach mó ná 90 mm a airde fhoriomlán (ón mbonn go dtí an pinniún)	0 %	-	31.12.2021
0.6809	ex 8501 31 00 ex 8501 32 00	43 55	Mótar srutha dhírigh buanfhlosctha gan scuab, atá réidh le haghaidh gluaisteáin: — ag a bhfuil luas sonraithe nach mó ná 4 100 isn, — ag a bhfuil aschur íosta 400 W, ach nach mó ná 1,3 kW (ag 12 V), — arb é 85 mm nó níos mó, ach nach mó ná 200 mm, trastomhas an fheire ann, — atá 335 mm ar fad, ar a mhéad, agus sin arna thomhas ó bhun an tseafta go dtí an ceann amuigh de,	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— nach mó ná 265 mm fad an fheiridh ann, agus sin arna thomhas ón bhfeire go dtí an ceann amuigh de, — a bhfuil feireadh alúmanaim dísletheilgthe nó feireadh leatháin cruach air, feireadh nach bhfuil níos mó ná dhá phíosa ann (feireadh bunúsach lena n-áirítear comhpháirteanna leictreacha agus feire ina bhfuil dhá chró ar a laghad agus 11 chró ar a mhéad), agus bíodh gléas séalaithe ann (eitre ina bhfuil O-fháinne agus bealadh) nó ná bíodh, — ina bhfuil státar de dhearadh T-fhiacaile aonair, a bhfuil tochráin chorna aonair i dtoipeolaíocht 9/6 nó 12/8 ann, agus — ina bhfuil maighnéid dromchla, — bíodh rialaitheoir stiúrtha cumhachta leictreonaí ann nó ná bíodh, — bíodh ulóg ann nó ná bíodh, — bíodh braiteoir suímh rótair ann nó ná bíodh			
0.7641	ex 8507 60 00	58	Taisc-cheallra leictreach ian litiam priosmach: — atá 120,0 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 305,0 mm, ar leithead, — atá 12,0 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 67,0 mm, ar tiús, — atá 72,0 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 126,0 mm, ar airde, — ag a bhfuil voltas ainmniúil 3,6 V nó níos mó, ach nach mó ná 3,75 V, agus — ag a bhfuil toilleadh ainmniúil 6,9 Ah nó níos mó, ach nach mó ná 265 Ah, a bhfuiltear lena n-úsáid i monarú ceallraí in-athluchtaithe feithiclí leictreacha ([1])	1,3 %	-	31.12.2021
0.5356	ex 8507 60 00	75	Taisc-cheallra ian litiam dronuilleogach: — ar a bhfuil cásáil mhiotail, — atá 147,85 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 173,15 mm, ar fad, — atá 17,4 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 21,1 mm, ar leithead, — atá 90,85 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 95,15 mm, ar airde, — ag a bhfuil voltas ainmniúil 3,3 V nó níos mó, ach nach mó ná 3,65 V, agus — ag a bhfuil toilleadh ainmniúil 17,5 Ah nó níos mó	1,3 %	-	31.12.2021
0.7856	ex 8708 40 20 ex 8708 40 50	70 60	Giarbhosca láimhe i bhfeireadh alúmanaim theilgthe, a shuiteáiltear go trasnach: — nach bhfuil níos mó ná 480 mm ar leithead, — nach bhfuil níos mó ná 400 mm ar airde, — nach bhfuil níos mó ná 550 mm ar fad, — ina bhfuil cúig nó sé ghiar, — ina bhfuil giar difreálach, — ag a bhfuil torc innill 400 Nm nó níos lú, a bhfuiltear lena úsáid chun mótarfheithiclí atá faoi Cheannteideal 8703 a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2024
0.6583	ex 8708 99 10 ex 8708 99 97	60 50	Brac innill alúmanaim: — atá níos mó ná 10 mm, ach nach bhfuil níos mó ná 200 mm, ar airde, — atá níos mó ná 10 mm, ach nach bhfuil níos mó ná 250 mm, ar leithead,	0 %	p/st	31.12.2024

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— atá níos mó ná 10 mm, ach nach bhfuil níos mó ná 200 mm, ar fad, ina bhfuil dhá pholl feistithe, ar a laghad, agus atá déanta as cóimhiotail alúmanaim ENAC-46100 nó ENAC-42100 (de réir an chaighdeáin Eorpaigh EN:1706), agus ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas: — póiriúlacht inmheánach nach mó ná 1 mm, — póiriúlacht sheachtrach nach mó ná 2 mm, — HRB 10, nó níos mó, de chruas Rockwell, de chineál a úsáidtear i dtáirgeadh córas crochta le haghaidh innill mótarfheithiclí			
0.7101	ex 9001 10 90	40	Plátaí snáthoptaice: — iad neamhbhrataithe agus neamhphéinteáilte, — atá 30 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 234,5 mm, ar fad, — atá 7 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 28 mm, ar leithead, agus — atá 0,5 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 3 mm, ar airde, de chineál a úsáidtear i gcórais x-gha fiaclóireachta	0 %	-	31.12.2021
0.7590	ex 9002 11 00	18	Cóimeáil lionsa arb é atá inti cumhdach sorcóirchruthach atá déanta as miotal nó plaisteach agus eilimintí optúla ina bhfuil: — réimse radhairc cothrománach 120 céim, ar a mhéad, — réimse radhairc trasnánach 105 chéim, ar a mhéad, — fad fócais 7,50 mm, ar a mhéad, — oscailt choibhneasta F/2,90, ar a mhéad, — trastomhas 22 mm, ar a mhéad	0 %	-	31.12.2023

([1]) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1),';

(3) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach de réir ord uimhriúil na gcód CN agus TARIC sa dara colún agus sa tríú colún:

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
'0.8144	ex 2710 12 25	20	Meascán de hidreacarbóin alafatacha C6 (CAS RN 92112-69-1), ina bhfuil, de réir meáchain, cion 60 % nó níos mó ach nach mó ná 80 % de n-heacsán (CAS RN 110-54-3), agus: — ag a bhfuil dlús coibhneasta 0,666 nó níos mó, ach nach mó ná 0,686, — ar lú ná 1 csm iomlán na gcomhdhúile carbóinile ann, — ar lú ná 2 csm iomlán na gcomhdhúile aicéitiléineacha ann	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8076	ex 2903 99 80	45	1-Bróma-4-(*tras*-4-próipilcigliheicsil)beinséin (CAS RN 86579-53-5) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8101	ex 2903 99 80	55	1-Bróma-4-(*tras*-4-eitilcigliheicsil)beinséin (CAS RN 91538-82-8) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8042	ex 2910 90 00	40	3-Nítribeinséansulfónáit [(2*R*)-ocsaíoran-2-il]meitile (CAS RN 115314-17-5) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8073	ex 2912 19 00	20	Aicriolaildéad (CAS RN 107-02-8) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8147	2912 42 00		Fanailineitil (3-eatocsa-4-hiodrocsaibeansaildéad)	0 %	-	31.12.2025
0.8058	ex 2914 29 00	45	4-Próipilcigliheacsán-1-ón (CAS RN 40649-36-3) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8146	ex 2915 90 70	23	Bis(2-eitilheacsánóáit) stáin (CAS RN 301-10-0) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8057	ex 2916 20 00	45	Aigéad ciglipeantáncarbocsaileach (CAS RN 3400-45-1) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8039	ex 2916 39 90	78	Aigéad (2,5-débhrómaifeinil)aicéiteach (CAS RN 203314-28-7) ag a bhfuil íonacht 98,0 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8044	ex 2918 19 98	60	*2'-(1-hiodrocsa-eitil)-3-meitil-[1,1'-défheinil]-4-carbocsaláit* (*R*)-*treas*-búitile (CAS RN 1246560-92-8) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8075	ex 2918 30 00	45	5-ocsó-6,7,8,9-teitrihidrea-5H-beansa[7]áinniléin-2-carbocsaláit mheitile (CAS RN 150192-89-5) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8066	ex 2918 99 90	48	Aigéad 2-bróma-5-meatocsaibeansóch acid (CAS RN 22921-68-2) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8045	ex 2921 29 00	15	Déhidreaclóiríd (2*S*)-própán-1,2-dé-aimín (CAS RN 19777-66-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8067	ex 2921 29 00	25	Déhidreaclóiríd *N,N'*-dé-ailliolpróp án-1,3-dé-aimín (CAS RN 205041-15-2) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8059	ex 2921 49 00	65	Bis-(9,9-démheitiolfluairein-2-il)aimín (CAS RN 500717-23-7) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8027	ex 2924 19 00	28	Aigéad (2*S*)-2-aimínea-5-(carbamóil-aimínea)peantánóch ; Aigéad 2-hiodrocsabútáindé-óch (CAS RN 54940-97-5) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8030	ex 2924 19 00	33	Aigéad (2*S*)-2-aimínea-5-(carbamóil-aimínea)peantánóch ; Aigéad 2-hiodrocsabútáindé-óch (1:1) (CAS RN 70796-17-7) ag a bhfuil íonacht 98,5 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8041	ex 2924 19 00	38	Aicéataimídeamalónáit dé-eitile (CAS RN 1068-90-2) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8049	ex 2924 19 00	43	Hidreaclóiríd eistir mheitile N6-(*treas*-bútocsacarbóinil)-L-lisín (CAS RN 2389-48-2) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8043	ex 2924 29 70	58	2-clóra-*N*-[1-(4-clóra-3-fluaraifeinil)-2-meitiolprópán-2-il] aicéataimíd (CAS RN 787585-35-7) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8060	ex 2924 29 70	78	Aigéad 5-aimínea-3-(4-clóraifeinil)-5-ocsaipeantánóch (CAS RN 1141-23-7) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8033	ex 2925 29 00	60	Aicéatáit formaimidín (CAS RN 3473-63-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8040	ex 2925 29 00	70	Bróimíd bhrómaimeitilidéin(démheitil)asainiam (CAS RN 24774-61-6) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8061	ex 2928 00 90	38	Tuaslagan uiscí de chlóiríd mheatocsamóiniam (CAS-RN 593-56-6), ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 30 % nó níos mó ach nach mó ná 40 % de chlóiríd mheatocsamóiniam — cion nach mó ná 4 % d'aigéad hidreaclórach	0 %	-	31.12.2025
0.8093	ex 2928 00 90	43	Bróimíd 2-(3-meatocsa-3-ocsópróipil)-1,1,1-trímheitilhiodraisíniam (CAS RN 106966-25-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8036	ex 2930 90 98	11	Hidreaclóiríd (2*S*)-2-aimínea-3-[3-(meatánsulfóinilfeinil)]própánóáite bheinsile (CAS RN 1194550-59-8) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8047	ex 2930 90 98	14	(E)-N'-(2-Ciana-4-(3-(1-hiodrocsa-2-meitiolprópán-2-il)tia-úiréidea)feinil)-N,N-démheitil-foirmimiodaimíd (CAS RN 1429755-57-6) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8050	ex 2930 90 98	19	Aigéad 4-aimínea-5-(eatánsulfóinil)-2-meatocsaibeansóch (CAS RN 71675-87-1) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8069	ex 2930 90 98	28	Méisitrí-ón (ISO) (CAS RN 104206-82-8) i bhfoirm stoilp fhliuch nó taois fhliuch, — ag a bhfuil íonacht 74 % nó níos mó ach nach mó ná 87 % de réir meáchain, agus — ina bhfuil cion uisce 23 % ar a mhéad, de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8051	ex 2931 90 00	23	Ciotráit icseasóimib (INNM) (CAS RN 1239908-20-3) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8063	ex 2931 90 00	28	Trí-eatocsa(3-isicianatapróipil)siolán (CAS RN 24801-88-5) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8035	ex 2932 99 00	38	Aigéad 1-beinseafúran-6-carbocsaileach (CAS RN 77095-51-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8046	ex 2933 19 90	48	1-(3-iada-1-iseapróipil-1H-piorasól-4-il)eatánón (CAS RN 1269440-49-4) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8068	ex 2933 39 99	30	Mona-ocsaláit 4-aimínea-3-(4-feanocsaifeinil)-1-[(3R)-pipiridín-3-il]-1,3-déhidrea-2H-imíodasa[4,5-c]piridín-2-óin (CAS RN 1971921-35-3) ag a bhfuil íonacht 70 % nó níos mó de réir mheáchan an bhuin shaoir	0 %	-	31.12.2025
0.8072	ex 2933 39 99	75	Clóidíonafop-própairgil (ISO) (CAS RN 105512-06-9) ag a bhfuil íonacht 90 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8074	ex 2933 39 99	80	(3R)-3-(4-aimínea-2-ocsó-2,3-déhidrea-1H-imíodasa[4,5-c]piridín-1-il)pipiridín-1-carbocsaláit treas-búitile (CAS RN 1971921-33-1) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8096	ex 2933 39 99	89	Monaihidreaclóiríd 1-beinsil-4-feinilpipiridín-4-carbainítríle (CAS RN 71258-18-9) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8037	ex 2933 49 90	55	Aigéad 2-(*treas*-bútacarbóinil)-5,7-déchlóra-1,2,3,4-teitrihidriseacuineoilín-6-carbocsaileach (CAS RN 851784-82-2) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8056	ex 2933 59 95	42	2-Clóraipirimidín (CAS RN 1722-12-9) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8038	ex 2933 79 00	45	1-feinil-3H-iondól-2-ón (CAS RN 3335-98-6) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8089	ex 2933 99 80	25	6-(4-Beinsiolaimínea-3-nítrifeinil)-5-meitil-4.5-déhidrea-2H-piriodaisín-3-ón (CAS RN 77469-62-6) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8032	ex 2933 99 80	65	1,2,4-Trí-asól (CAS RN 288-88-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8053	ex 2933 99 80	69	Aigéad 5-foirmil-2,4-démheitil-1H-pioról-3-carbocsaileach (CAS RN 253870-02-9) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8054	ex 2933 99 80	76	2-Meitiliondóilín (CAS RN 6872-06-6) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8064	ex 2933 99 80	77	9-[1,1′-défheinil]-3-il-9′-[1,1′-défheinil]-4-il-3,3′-dé-9H-carbasól (CAS RN 1643479-47-3) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8094	ex 2934 99 90	40	Ainhidríd 2,3-pioraisíndécharbocsaileach (CAS RN 4744-50-7) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8031	ex 2934 99 90	55	Úiridín (CAS RN 58-96-8) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8048	ex 2934 99 90	81	1-(4-aimínifeinil)-5-(morfóilin-4-il)-2,3-déhidripiridín-6-ón (CAS RN 1267610-26-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8055	ex 2935 90 90	80	Aigéad 4-clóra-3-sulfamóilbeansóch (CAS RN 1205-30-7) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8137	ex 3208 90 19 ex 3911 90 99	13 63	Meascán ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 30 % nó níos mó ach nach mó ná 40 % de chomhpholaiméir éitir vinile meitile agus mailéáite monabúitile (CAS RN 25119-68-0), — cion 10 % nó níos mó ach nach mó ná 20 % de chomhpholaiméir éitir vinile meitile agus mailéáite aoneitile (CAS RN 25087-06-3), — cion 40 % nó níos mó, ach nach mó ná 55 %, d'eatánól (CAS RN 64-17-5), — cion 1 % nó níos mó ach nach mó ná 7 % de bhútan-1-ól (CAS RN 71-36-3)	0 %	-	31.12.2025
0.8083	ex 3824 99 92	92	Tuaslagán ina bhfuil — 50 (± 2) % de réir meáchain de mheintealáit sóidiam (CAS RN 19321-38-1), agus — 50 (± 2) % de réir meáchain de nafta tuaslagach alafatach éadrom (peitriliam) (CAS RN 64742-89-8)	0 %	-	31.12.2025
0.8121	ex 3824 99 92	93	Tuaslagán ina bhfuil cion nach mó ná 15 % de réir meáchain de heicseafluarafosfáit litiam (CAS RN 21324-40-3) i meascán de charbónáit eitiléine (CAS RN 96-49-1), de charbónáit démheitile (CAS RN 616-38-6) agus de charbónait mheitile eitile (CAS RN 623-53-0), agus a bhfuil díorthaigh carbónáite orgánaí ina mbreiseáin ann	3.2 %	-	31.12.2021
0.8062	ex 3824 99 93	51	Ocsaíd trios(hiodrocsaimeitil)foisfín (CAS RN 1067-12-5) ag a bhfuil íonacht 85 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8122	ex 3824 99 96	68	Dé-ocsaíd nicile litiam (CAS RN 12325-84-7) ina bhfuil, de réir meáchain: — cion is lú ná 5 % de hiodrocsaíd litiam (CAS RN 1310-65-2), — cion is lú ná 5 % de charbónáit litiam (CAS RN 554-13-2), agus — cion is lú ná 15 % d'ocsaíd nicile (CAS RN 11099-02-8)	3.2 %	-	31.12.2021
0.8125	ex 3902 30 00	20	Comhpholaiméir bloc hidriginithe de stiréin agus d'isipréin (CAS RN 68648-89-5), ina bhfuil cion is lú ná 37 % de stiréin de réir meáchain	0 %	-	31.12.2025
0.8126	ex 3905 91 00	50	Tuaslagán uiscí ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 10 % nó níos mó ach nach mó ná 20 % de chomhpholaiméir pioróladóin vinile, meataicriolaimíde N,N-démheitiolaimíneapróipile agus clóiríde 3-(meataicriolóil-aimínea) próipil-láirildémheitiolamóiniam (CAS RN 306769-73-3), — cion nach mó ná 1 % de leasaithigh	0 %	-	31.12.2025
0.8145	ex 3905 91 00	60	Comhpholaiméir de vinilpioróladón, de chapralachtam vinile agus de mheataicrioláit démheitiolaimíneitile (CAS RN 102972-64-5) i bhfoirm sholadach, nó ina tuaslagán uiscí ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 27 % nó níos mó, ach nach mó ná 33 %, den chomhpholaiméir, — cion nach mó ná 1,5 % d'eatánól (CAS RN 64-17-5), — cion nach mó ná 1 % de leasaithigh	0 %	-	31.12.2025
0.8138	ex 3905 91 00	70	Tuaslagán uiscí ina bhfuil, de réir meáchain — cion 25 % nó níos mó ach nach mó ná 35 % de chomhpholaiméir de chapralachtam vinile, de phioróladóin vinile, de mheataicriolaimíd N,N-démheitiolaimíneapróipile agus de chlóiríd 3-(meataicriolóil-aimínea)próipil-láirildémheitiolamóiniam (CAS RN 748809-45-2), — cion 10 % nó níos mó ach nach mó ná 16 % d'eatánól (CAS RN 64-17-5) bíodh sé dínádúraithe le halcól treas-búitile (CAS RN 75-65-0) agus/nó le beansóáit dénádóiniam (CAS RN 3734-33-6) nó ná bíodh	0 %	-	31.12.2025
0.8139	ex 3905 91 00	80	Comhpholaiméir de vinilpioróladón, d'aigéad aicrileach agus de mheataicrioláit dóideicile (CAS RN 83120-95-0)	0 %	-	31.12.2025
0.8097	ex 3910 00 00	75	Comhpholaiméir de dhémheitilsiolocsán (cion 80 %), de meataicrioláit mheitile (cion 10 %) agus d'aicrioláit bhúitile (cion 10 %) i bhfoirm púdair bháin	0 %	-	31.12.2025
0.8116	ex 3917 31 00 ex 3917 32 00 ex 3917 39 00	30 20 20	Feadáin: — ina bhfuil trastomhas seachtrach 0,33 mm nó níos mó, ach nach mó ná 3,3 mm, — ina bhfuil trastomhas inmheánach 0,01 mm nó níos mó, ach nach mó ná 2,1 mm, — atá oiriúnach do ráta uasbhrú oibre ó 2,7 MPa suas go 70 MPa ar a mhéad,	0 %	-	31.12.2021

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— atá oiriúnach do gach tuaslagán a úsáidtear sa chrómatagrafaíocht, — bíodh silice chomhleáite iontu nó ná bíodh, — bídís clúdaithe le poiléiteiréiteircéatón (PEEK) nó ná bídís, a bhfuiltear lena n-úsáid i gcóras crómatagrafach ([1])			
0.8117	ex 3917 40 00	20	Feistí plaisteacha (fearas cnónna agus biannaí nó cnónna) agus nascóirí: — atá snáithithe, — a bhfuil taca leo, bíodh an taca sin ina fháinne de chruach dhosmálta nó ná bíodh, — atá oiriúnach do ráta uasbhrú oibre 2,7 MPa nó níos mó ach nach mó ná 114 MPa, le haghaidh feadáin: — ina bhfuil trastomhas seachtrach 0,33 mm nó níos mó ach nach mó ná 3,3 mm, — atá oiriúnach do ráta uasbhrú oibre 2,7 MPa nó níos mó ach nach mó ná 114 MPa, — atá oiriúnach do gach tuaslagán a úsáidtear sa chrómatagrafaíocht, a bhfuiltear lena n-úsáid chun córais chrómatagrafacha a tháirgeadh ([1])	0 %	-	31.12.2021
0.8109	ex 3919 10 80	48	Stiallóga plaisteacha déanta as polapróipiléin, — atá féinghreamaitheach, — a bhfuil brat greamacháin de pholaiméir aicrileach ar thaobh amháin díobh, — ina rollaí atá 20 cm nó níos lú ar leithead, — atá 0,03 mm nó níos lú ar tiús, agus an ciseal greamaitheach san áireamh ann sin, a bhfuiltear lena n-úsáid chun cadhnraí leictreacha in-athluchtaithe ian litiam a mhonarú ([1])	3.2 %	-	31.12.2021
0.8149	ex 3920 10 89	45	Scannán plaisteach de chomhpholaiméir ocht-éine agus eitiléine, dar tiús 0,45 mm nó níos mó ach nach mó ná 0,75 mm, a bhfuiltear lena úsáid chun painéil ghréine fhótavoltacha ‘faoi ghloiní’ a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2022
0.8118	ex 3926 90 97	58	Bianna plaisteacha agus/nó plocóidí plaisteacha: — a bhfuil taca leo, bíodh an taca sin ina fháinne de chruach dhosmálta nó ná bíodh, — atá oiriúnach do ráta uasbhrú oibre 2,7 MPa nó níos mó ach nach mó ná 114 MPa, le haghaidh feadáin: — ina bhfuil trastomhas seachtrach 0,33 mm nó níos mó ach nach mó ná 3,3 mm, — atá oiriúnach do ráta uasbhrú oibre 2,7 MPa nó níos mó ach nach mó ná 114 MPa, — atá oiriúnach do gach tuaslagán a úsáidtear sa chrómatagrafaíocht, a bhfuiltear lena n-úsáid chun córais chrómatagrafacha a tháirgeadh ([1])	0 %	-	31.12.2021
0.8108	ex 5403 31 00	10	Snáth filiméid réóin vioscóis leanúnach ina bhfuil dlús líneach 105 dtex nó níos mó ach nach mó ná 117 dtex, agus ina bhfuil 36 aonfhiliméad nó níos mó, ach gan níos mó ná 40 aonfhiliméad	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8105	ex 8108 90 30	55	Sreanga de chóimhiotal tíotáiniam: — ina bhfuil cion niaibiam 42 % nó níos mó ach nach mó ná 47 % de réir meáchain, — nach mó ná 6 mm a dtrastomhas, — atá i gcomhlíontacht le caighdeán AMS 4982, a bhfuiltear lena n-úsáid chun ceangláin a tháirgeadh le haghaidh an tionscail aeraspáis ([1])	0 %	-	31.12.2025
0.8148	ex 8412 90 80	20	Bonnphláta atá déanta as teilgin d'iarann insínte arna threisiú le tuaslagán, le gléasra tiomána tuirbín gaoithe (an giarbhosca, taca an tseastáin, an seafta rótair) a dhaingniú agus a ailíniú: — atá 3,5 m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 4,3 m, ar fad, — atá 2 m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 3,5 m, ar leithead, — atá 1 m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1,3 m, ar airde, — ina bhfuil meáchan 11 tona nó níos mó ach nach mó ná 20 tona, — ina bhfuil cróite crochta le haghaidh fearas tiomána luascála, — ar a bhfuil feirí crochta le haghaidh taca giarbhosca, — ar a bhfuil suíochán le haghaidh an ghléasra tiomána, — soicéid scriú de chineálacha éagsúla	0 %	p/st	31.12.2025
0.8079	ex 8412 90 80	30	Taca giarbhosca le húsáid mar thaca agus mar chomhpháirt ualaigh idir an giarbhosca agus an bonnphláta i dtuirbín gaoithe, atá déanta as teilgin d'iarann insínte arna threisiú le tuaslagán, agus: — atá 2 m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 5 m, ar trastomhas, — ina bhfuil meáchan 2 thona nó níos mó ach nach mó ná 7 dtona	0 %	p/st	31.12.2025
0.8111	ex 8414 30 20	20	Comhbhrúiteoir cuisniúcháin frithingeach heirméiteach, a n-úsáidtear iseabútán ann: — ina bhfuil mótar buanmhaighnéid trí phas gan scuab, — a bhfuil nasc súcháin ar an taobh clé ann agus ina bhfuil inbhéartóir lena ndéantar ceartú ar an bhfachtóir cumhachta, — ag a bhfuil uasacmhainn fuaraithe 150 W nó níos mó ach nach mó ná 240 W, faoi dhálaí ASHRAE	0 %	-	31.12.2025
0.8112	ex 8414 30 20	30	Comhbhrúiteoir cuisniúcháin frithingeach heirméiteach, a n-úsáidtear iseabútán ann: — ina bhfuil mótar buanmhaighnéid trí phas gan scuab, — a bhfuil nasc súcháin ar an taobh clé ann, agus ina bhfuil inbhéartóir lena ndéantar ceartú ar an bhfachtóir cumhachta atá in ann oibriú ag luas 1 300 isn suas go 4 500 isn, — ag a bhfuil uasacmhainn fuaraithe 150 W nó níos mó ach nach mó ná 240 W, faoi dhálaí ASHRAE	0 %	-	31.12.2025
0.8134	ex 8414 30 20	40	Comhbhrúiteoir frithingeach heirméiteach, a n-úsáidtear iseabútán mar chuisneán ann: — ina bhfuil mótar aonphas den chineál ina bhfuil toilleoir tosaithe friotaíochta (RSCR),	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— ag a bhfuil fachtóir comhéifeachta feidhmiúcháin ginearálta nach lú ná 1,93 faoi dhálaí ASHRAE, — ag a bhfuil uasacmhainn fuaraithe 150 W nó níos mó ach nach mó ná 180 W, faoi dhálaí ASHRAE			
0.8135	ex 8414 30 20	50	Comhbhrúiteoir frithingeach heirméiteach, a n-úsáidtear iseabútán mar chuisnéan ann: — ina bhfuil mótar aonphas den chineál ina bhfuil toilleoir tosaithe friotaíochta (RSCR), — ag a bhfuil fachtóir comhéifeachta feidhmiúcháin ginearálta nach lú ná 1,5 faoi dhálaí ASHRAE, — ag a bhfuil uasacmhainn fuaraithe 150 W nó níos mó ach nach mó ná 180 W, faoi dhálaí ASHRAE	0 %	-	31.12.2025
0.8133	ex 8414 80 73	40	Comhbhrúiteoir teaschaidéil heirméiteach, i gcomhair cuisneáin R134A nó R450A: — a bhfuil toilleoir scoiltphas buan-nasctha (PSC) sa mhótar ionduchtaithe aonphas ann, — a bhfuil nasc súcháin ar an taobh clé ann agus nasc aschuir ar an mbarr, — ag a bhfuil 8,1 cm^3 nó 8,2 cm^3 de thoillíocht, — a ritheann ag 3000 isn, — ag a bhfuil uasacmhainn fuaraithe 920 W nó níos mó ach nach mó ná 970 W, faoi dhálaí ASHRAE	0 %	-	31.12.2025
0.8123	ex 8479 89 97	28	Aonad coscáin leictreach iomlánaithe ina ngintear an brú hiodrálach d'aon iarraidh le linn an choscánaithe, ina bhfuil rialú iomlán leictreonach ar an gcoscánú agus lena gcumasaítear coscánú athghiniúnach i mótarfheithiclí: — ina bhfuil cúntáin choscánaithe leictreonacha, — ina bhfuil aonad hiodrálach faoi thiomáint mótair leictrigh gan scuab, — taiscumar leachta coscáin, a bhfuiltear lena úsáid chun gluaisteáin phaisinéirí hibrideacha phlugluchtaithe a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2025
0.7962	ex 8479 90 70	50	An pháirt rótair den aonaid meicniúil lena n-áirithítear gluaiseacht na ceamfhearsaide i dteannta na cromfhearsaide: — ar a bhfuil ceithre lann a bhfuil eitrí ar a gceann, — atá déanta as cruach chóimhiotail trí phróiseas sintéaraithe	0 %	-	31.12.2025
0.8098	ex 8482 50 00	20	Imthaca rollach aiseach, é déanta as cruach: — a bhfuil an coinneálaí ann déanta as cruach fhuar-rollta ina bhfuil cion carbóin 0,25 % ar a mhéad, agus atá i gcomhlíontacht le caighdeán ASTM A109-98, — ina bhfuil na rollóirí atá déanta as cruach fhrith-fhrithchuimilte de réir ASTM 295-94, — arb é 63 mm nó níos mó, ach nach mó ná 66 mm, a thrastomhas seachtrach, — arb é 44 mm nó níos mó, ach nach mó ná 46 mm, a thrastomhas inmheánach,	0 %	p/st	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— ina bhfuil meáchan 23 g nó níos mó, ach nach mó ná 27 g, — ina bhfuil 36 rollóir nó níos mó, ach gan níos mó ná 38 rollóir			
0.8088	ex 8482 99 00	40	Fáinní istigh agus fáinní amuigh, iad déanta as cruach, iad gan líomhadh, agus rásbhealach inmheánach iontu, a bhfuil a dtrastomhas: — 14,66 mm nó níos mó, ach gan é níos mó ná 76,2 mm, i gcás an fháinne istigh, agus — 26 mm nó níos mó, ach an é níos mó ná 100 mm, i gcás an fháinne amuigh	0 %	-	31.12.2025
0.8100	ex 8483 50 80	20	Ulóg-bhloic atá déanta as cruach neamhtheilgthe: — atá déanta as cruach charbóin struchtúrach i gcomhlíontacht le caighdeán JIS G4051, — arb é 114 mm nó níos mó, ach nach mó ná 118 mm, a dtrastomhas seachtrach, — arb é 33 mm nó níos mó, ach nach mó ná 37 mm, a dtrastomhas inmheánach, — atá 29 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 33 mm, ar leithead, — ina bhfuil meáchan 0,6 kg nó níos mó, ach nach mó ná 0,9 kg, — ina bhfuil sé eitre thraipéasóideacha	0 %	p/st	31.12.2025
0.8130	ex 8501 62 00	40	Gineadóir trí phas SA: — a ghineann cumhacht leanúnach 147 kVA nó níos mó ach nach mó ná 222 kVA, — ag a casmhóimint leanúnach 650 Nm nó níos mó ach nach mó ná 900 Nm, — ag a bhfuil uasluas oibre 2700 imrothlú sa nóiméad (isn), — ina bhfuil córas leachtfhuaraithe, — atá 100 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 200 mm, ar fad, — atá 550 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 650 mm, ar leithead, — atá 550 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 650 mm, ar airde, — nach mó ná 150 kg a mheáchan	0 %	-	31.12.2025
0.8095	ex 8505 90 90	20	Corna cráige leictreamaighnéadach i bhfeireadh miotail sorcóireach: — a bhfuil an feireadh miotail atá air déanta as cruach theorollta i gcomhlíontacht le caighdeán JIS G 3131 - SPHE, — a bhfuil an corna ann déanta as sreang chopair, — ina bhfuil meáchan 0,4 kg nó níos mó, ach nach mó ná 0,7 kg, — atá 22 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 25 mm, ar leithead, — ina bhfuil pláta a thugann treise don chorna (“cúlphláta corna”) arb é 44 mm nó níos mó, ach nach mó ná 46 mm, a thrastomhas inmheánach, — arb é 88 mm nó níos mó, ach nach mó ná 96 mm, a thrastomhas seachtrach, — nach bhfuil aon loine ann, — ina bhfuil nascóir amháin	0 %	p/st	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8115	ex 8507 60 00	48	Córas ceallra comhtháite, i gcás miotail a bhfuil coimeádáin ann, arb é atá ann: — ceallra ian litiam ina bhfuil voltas 36 V nó níos mó, ach nach mó ná 50,4 V, agus fuinneamh ainmniúil 0,6 kWh, — córas bainistithe ceallra, — athsheachadán cumhachta, — córas fuaraithe, — ceithre nascóir, a bhfuiltear lena úsáid chun mótarfheithiclí leath-hibrideacha (FLLH) a mhonarú ([1])	1,3 %	-	31.12.2021
0.8140	ex 8529 90 92	73	Braiteoir íomhá CMOS — ina bhfuil micrilionsa ar gach picteilín (micrilionsaí ar 99 %, ar a laghad, de na picteilíní) — lena ngabhtar solas infridhearg arna fhrithchaitheamh ó réada chun íomhánna doimhne a ghabháil i gceamara a rinneadh chun fad slí a thomhas (Aga Gluaiste trí Mheán)	0 %	-	31.12.2025
0.8085	ex 8537 10 91	45	Príomhrialaitheoir córais hibridigh, lena ndéantar diagnóis agus rialú ar eilimintí an chórais tiomána hibridigh: — ina bhfuil cuimhne in-ríomhchláraithe, — ina bhfuil micreaphróiseálaí, — ag a bhfuil nascóir ilchodach amháin, ar a laghad, — ag a bhfuil voltas 24 V, — atá 350 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 400 mm, ar fad, — atá 200 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 250 mm, ar leithead, — atá 80 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 120 mm, ar airde, — i bhfeireadh miotail,	0 %	-	31.12.2025
0.8132	ex 8537 10 98	80	Córas Rialaithe Tiomána, ag a bhfuil na sainairíonna seo a leanas, nó ina bhfuil na nithe seo a leanas, ar a laghad: — inbhéartóir SD/SA, — cumhacht 190 kW nó níos mó, ach nach mó ná 220 kW, — ciorcaid ardvoltais ina bhfuil comhéadain SD agus SA chun mótar tarraingthe, gineadóir agus córas stórála fuinnimh a nascadh le chéile, — rialú comhtháite ar fheidhmeanna uile an mhótar tiomána agus an tarraingtchórais gineadóra, — comhéadan cumarsáide CAN ('líonra achair rialaitheoirí') ina bhfuil aonad rialaithe córais, — ina bhfuil córas leachtfhuaraithe, — atá 300 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 950 mm, ar fad, — atá 350 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 600 mm, ar leithead, — atá 200 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 350 mm, ar airde, — ina bhfuil meáchan 40 kg nó níos mó, ach nach mó ná 90 kg	0 %	p/st	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód CN	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a mheastar le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8124	ex 8537 10 98	88	Painéal rialúcháin chun raidió gluaisteáin agus/nó slí-rianú a rialú: — ina bhfuil comhpháirteanna éighníomhacha leictreonacha, — ina bhfuil dhá lasc, ar a laghad, — LEDanna (‘dé-óidí astaithe solais), — agus nascóir amháin, ar a laghad, — bíodh ‘lasc rabhaidh triantánach’ ann nó ná bíodh, — le haghaidh voltas nach mó ná 16 V, a bhfuiltear lena úsáid chun earraí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2025
0.8127	ex 8708 99 97	28	Foireann de shorcóirí Chineál 4 H2, atá i gcomhréir leis an gcaighdeán CE 79, arb é atá inti dhá shorcóir, ar a laghad, nó ocht sorcóir, ar a mhéad, ar fhrámaí alúmanaim: — agus na sorcóirí déanta as ábhar cumaisc de phoileitiléin ard-dlúis (HDPE) atá treisithe le bréad gloine agus le snáithíní carbóin i roisín eapocsach, — ag a bhfuil brú oibríochta nach lú ná 35 MPa, — ina bhfuil marthanacht nach lú na 20 bliain, agus é sin arna dhearbhú ag an monaróir, — ag a bhfuil toilleadh sorcóra 180 líotar nó níos mó, ach nach mó ná 375 líotar, — ina bhfuil foireann de chomhlaí solanóideacha, de chomhlaí lámhoibrithe agus de chomhlaí sábhála FFB (‘feiste faoisimh brú’), — atá 1 800 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 2 300 mm, ar leithead, san iomlán, — atá 400 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 500 mm, ar airde, san iomlán, — atá 1 200 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 3 600 mm, ar fad, san iomlán,	0 %	-	31.12.2025
0.8128	ex 8708 99 97	38	Foireann de shorcóirí Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite (GNC), den chineal CNG-4, atá i gcomhréir leis an gcaighdeán CEE R110, arb é atá inti ceithre nó cúig shorcóir ar fhrámaí alúmanaim: — atá déanta as ábhar cumaisc de phoileitiléin ard-dlúis (HDPE) atá treisithe le bréad gloine agus le snáithíní carbóin i roisín eapocsach, — ag a bhfuil brú oibríochta nach lú ná 20 MPa, — ag a bhfuil seilfré nach lú ná 20 bliain, agus é sin arna dhearbhú ag an monaróir, — ag a bhfuil toilleadh sorcóra 315 líotar nó níos mó, ach nach mó ná 375 líotar, — ina bhfuil foireann de chomhlaí solanóideacha, de chomhlaí lámhoibrithe agus de chomhlaí sábhála FFB (‘feiste faoisimh brú’), — atá 2 200 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 2 300 mm, ar leithead, san iomlán, — atá 450 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 460 mm, ar airde, san iomlán, — atá 3500 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 3 600 mm, ar fad, san iomlán,	0 %	-	31.12.2025’

([1]) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).’.